# LabourPains.com

Eolas iontaofa ó dhochtúirí, ó mhná cabhracha agus ó mháithreacha faoi roghanna faoisimh ó phian agus ainéistéise le haghaidh bhreith do linbh

# Ar tháinig tinneas cinn ort tar éis instealladh eipeadúrach nó dromlaigh?

## Rudaí le bheith ar eolas agat

**Tar éis gur tugadh instealladh eipeadúrach nó dromlaigh duit, tá idir 100 agus 200 seans agat go dtagann 'tinneas cinn iarpholladh na máthar crua' (nó 'PDPH' i mBéarla) ort.**

## Cad is cúis leis an tinneas cinn?

Tá sac lán le sreabhán ar a dtugtar 'an mháthair chrua' ann timpeall na hinchinne agus chorda an dromlaigh. D'fhéadfaí an mháthair chrua a pholladh trí thimpiste i gcás instealladh eipeadúrach nó d'aon ghnó i gcás instealladh dromlaigh. Ansin, d'fhéadfadh sé go sileann sreabhán as an bpolladh, go dtiteann an brú sa sreabhán atá timpeall na hinchinne agus go dtagann tinneas cinn ort dá bharr.



## Cén sórt tinneas cinn a bhíonn ann?

- Tosaíonn sé sna laethanta tar éis d'instealIta eipeadúraigh nó dhromlaigh
- Is minic a bhíonn sé trom
- Bíonn sé níos measa nuair atá tú i do shuí suas agus níos fearr nuair a luíonn tú síos
- D'fhéadfadh pian mhuinil a bheith ort freisin
- D'fhéadfadh soilse geala a bheith míchompordach, mar sin is fearr fanacht i seomra dorcha

## Cén chóireáil a chuirtear air?

- Taca droma sa leaba
- Neart uisce agus deochanna le caiféin a ól
- Gnáth-phianmhúcháin (amhail paraicéiteamól nó iobúpróifein)
- Am (mar tá seans go dtagann biseach ort laistigh de chúpla lá)
- Paiste fola (mura dtagann biseach ort nó má tá an tinneas an-trom)

## Cad is paiste fola ann?

(1) Tá paiste fola eipeadúrach cosúil le hinstealladh eipeadúrach nó dromlaigh agus is iondúil go ndéanann ainéistéisí é i seomra breithe nó san obrádlann. Is iondúil go ndéantar é níos mó ná 24 uair an chloig tar éis gur tharla an polladh.



(2) Le linn an nóis imeachta, tógtar fuil ó fhéith i do ghéag láimhe.



(3) Ansin, instealltar an fhuil isteach sa spás eipeadúrach.



(4) Iarrfar ort luí síos ar feadh cúpla uair an chloig tar éis an phaiste fola ionas go gcruthófar téachtán san áit cheart. Ansin, cruthófar an téachtán fola, a dhúnfaidh an sceitheadh sreabháin chun cabhrú leis an tinneas cinn a stopadh.



## Cad iad na fo-iarmhairtí a bhaineann le paiste fola?

- Ní stoptar an tinneas cinn ag timpeall 1 phaiste fola as 5, mar sin d'fhéadfadh sé go mbeidh ceann eile de dhíth ort
- D'fhéadfadh pian teacht ort nuair a instealltar an fhuil isteach i do dhroim
- D'fhéadfadh do dhroim a bheith tinn ar feadh cúpla lá ina dhiaidh sin
- Tá seans beag (níos lú ná 1%) go dtarlódh polladh eile sa mháthair chrua
- Tá ionfhabhtú, damáiste do na néaróga agus fuiliú sa droim i measc na n-aimhréidh neamhchoitianta eile.

## Téigh i dteagmháil leis an ospidéal go práinneach má tá aon de na siomptóim seo a leanas ort:

- Pian throm sa droim
- Teocht ard
- Tinneas cinn atá ag dul in olcas agus righneas sa mhuineál in éineacht leis
- Laige sa chosa
- Neamhchoinneálacht úiríneach nó fhaecach

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi thinnis chinn iarpholladh na máthar crua, labhair le gairmí sláinte.
Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi fhaoiseamh ó phian agus faoi ainéistéise le haghaidh toirchis ar shuíomh gréasáin Labour Pains - www.labourpains.com

© Cóipcheart 2016 - Obstetric Anaesthetists' Association - 21 Portland Place - Londain - W1B 1PY - RA
Teileafón: +44 (0)20 7631 8883 Facs: +44 (0)20 7631 4352 Uimh. Charthanacht Chláraithe 1111382 Uimh. Chlárúcháin 5540014 (Sasana)